



An tSíocháin atá ag teastáil Cairt Síochána Hoeschtadt

Tagann an Chairt Síochána seo ó smaointe agus tuairmí páistí agus ógánach Hoeschtadt mar chuid de chomóradh 1000 bliain an bhaile. Táimid cinnte gur féidir coimhlintí a sheachaint dá gcomhlíonfaí seacht n-alt na cairte seo.

§1 Dínit daonna agus cearta daonna

Tá na cearta céanna tuillte ag gach duine. Tugaimid meas agus tuiscint do dhaoine ó ghach cine agus aicme creidimh. Ní dhéanamid magadh ná gáire faoi éinne ná cúl a thabhairt do dhaoine.

§2 Riachtanais bhunúsacha an uile dhuine

Déanamid ár ndícheall uisce, bia, áitreabh, agus bunchóir leighis a gheallúint do ghach duine agus córas ceart oibre agus pá a bhaint amach.

§3 Oideachas agus cultúr

Déanamid cinnte de go mbeidh scolaíocht ag gach páiste. Caithfidh gach scoil tuiscint agus luachanna sóisialta inghlactha a theagasc. Tugaimid tacaíocht d' imeachtaí cultúrtha a thugann ar dhaoine macnamh a dhéanamh agus a mhéadaíonn a ndúil sa tsíocháin. Is fuath linn imeachtaí agus cluichí a ghlóiríonn cogadh.

§4 Cúmhacht agus neart

Is cóir go mbéadh gach grúpa soisialta, mar chuid dá chearta daonlathacha, abalta páirt a ghlacadh sa phroiséis polaitíochta. Caithfidh polaiteoirí a gcumhacht a úsáid mar gheall ar a ngrá do dhaoine. Táimid i gcoinne ciapadh, pianós an bháis, agus airm ollscriosta a úsáid. Ba chóir go mbéadh airm faoi smacht polaitiúil agus ag deireadh thiar thall go gcuirfí conarthaí polaitiúla in a n-áit go h-iomlán.

§5 Cairdeas agus cabhair

Cabhraimid le muintir na dtiortha bochta, leis an lag agus le daoine le mí chumas. Ní fhanaimid ciúin nuair a fheicimid an éagóir. Tugaimid tacaíocht do chúpláil idir bhailte agus réigiúin agus do chórais mhalairte idir scoileanna atá ann chun chairdeas agus tuiscint a bhunú agus a fhorbairt idir dhaoine ó gach cultúr.

§6 Creideamh reiligiúnda agus athmhuintearas

Guimid chun a bheith abalta an t-athmhuintearas a bhaint amach. Níl Dia ciontach as cogadh a chur ar siúl. Caithfidh gach duine a bheith freagrach agus dearfach chun síocáin a bhunú.

§7 Cúnamh pearsanta chun an tsíocháin a bhaint amach.

Cuirimid ár gcéile comhraic ar chomh chéim linn féin. Déanamid iarracht botúin agus coimhlintí a réiteach. Lorgaimid an neart chun leithscéal a ghábháil. Ní thugaimid maslaí ach briathra athmhuintearais mar fhreagra ar thagairtí mailíseacha.